Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

12788/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0266(NLE)**

RESUA 31
FIN 1216
ECOFIN 1148
ELARG 167
COEST 638
DEVGEN 141
UA PLATFORM 24

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht pháirteach an ochtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht pháirteach an ochtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

1 IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin ('an tSaoráid'), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/792, cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 46 873 049 093,86[2], lena n-áirítear maoiniú idirlinne eisceachtúil, ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024-2027 i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha agus iasachtaí. Déantar maoiniú faoi Cholún I a leithdháileadh go príomha ar bhonn Phlean na hÚcráine den tSaoráid ('an Plean'), arna fhormheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle[3].

(2) Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean agus chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha le cistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

---

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1923 ón gComhairle an 30 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2026/1923, 7.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1923/oj).

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

(3) Is é EUR 40 873 049 093,86 suim iomlán na n-acmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil le haghaidh an Phlean faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, as a bhfuil EUR 5 523 049 093,86 i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus suas le EUR 35 350 000 000 i bhfoirm iasachta. Áirítear leis sin cúnamh buiséadach breise a chuirtear ar fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], agus a chuirtear ar fáil trí Cholún I den tSaoráid, rud a mhéadaíonn na hacmhainní airgeadais atá ar fáil i bhfoirm iasachta. Cuireadh EUR 8 350 000 000 ar fáil ar an mbealach sin le haghaidh 2026.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil agus EUR 1 890 000 000 i bhfoirm réamh-mhaoinithe, ar réamhíocaíocht 7 % é sin den tacaíocht iasachta atá an Úcráin incháilithe a fháil faoin bPlean.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 21 640 176 104 leis an Úcráin sa chéad seacht dtráthchuid faoin bPlean. As an méid sin, eisíocadh EUR 3 924 252 880 i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus eisíocadh EUR 17 715 923 224 i bhfoirm iasachta. I gcomhréir leis an gComhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792, úsáideadh méid EUR 1 333 456 586 ó na chéad seacht dtráthchuid sin chun réamh-mhaoiniú na hiasachta a imréiteach.

---

[4] Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (IO L, 2026/467, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/792, an 24 Lúnasa 2026, chuir an Úcráin iarraidh chuí-réasúnaithe isteach ar íocaíocht cuid den chúigiú, den seachtú agus den ochtú tráthchuid faoin bPlean, is é sin EUR 3 333 597 327. Cumhdaíodh trí chéim leis an iarraidh freisin faoi thráthchuid ina dhiaidh sin. Bhí sraith doiciméad ag gabháil leis an iarraidh a cuireadh i láthair mar fhianaise gur comhlíonadh go sásúil céim amháin sa chúigiú tráthchuid, trí chéim sa seachtú tráthchuid, ceithre chéim san ochtú tráthchuid agus trí chéim sa naoú tráthchuid. Chuir an Úcráin isteach freisin na doiciméad uile a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Chreat-Chomhaontú, Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagail 9, 10 agus 22, faoi seach, de Rialachán (AE) 2024/792.

(7) Na céimeanna atá mar bhonn taca leis an iarraidh is déanaí ón Úcráin, baineann siad le hathchóirithe éagsúla a leagtar amach sa Phlean faoi na caibidlí maidir leis an gcóras breithiúnach, margaí airgeadais, an caipiteal daonna, an timpeallacht ghnó, an earnáil fuinnimh, an t-iompar, an earnáil agraibhia, an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil. D’fhoilsigh an Úcráin an measúnú ar athléimneacht a córais baincéireachta chomh maith leis an tuarascáil ar chur chun feidhme na tacaíochta stáit a chuirtear ar fáil trí Chlár Talmhaíochta an Stáit. Tá reachtaíocht tagtha i bhfeidhm maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi líonraí innealtóireachta seachtracha, maidir le dearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus an próiseas chun na dearbhuithe sin a fhíorú, maidir le téamh ceantair níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe, maidir le sábháilteacht tráchta agus idir-inoibritheacht iompair iarnróid agus maidir le réiteach feabhsaithe iasachtaí neamhthuillmheacha. Ina theannta sin, ceapadh oibreoir nua sa mhargadh leictreachais agus glacadh plean oibríochtúil chun bearnaí pá idir na hinscní a shárú chomh maith le leasuithe ar an nós imeachta maidir le faireachán uisce a dhéanann an stát.

(8) I gcomhréir leis an modheolaíocht chun páirt-chomhlíonadh na gcéimeanna sa Phlean a láimhseáil a leagtar amach i dteachtaireachta ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2026 (‘an mhodheolaíocht’), ba cheart é a bheith indéanta an luach fionraí a choigeartú chun tosca maolaitheacha a chur san áireamh.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar iarraidh na hÚcráine agus rinne sé measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil aon chéim amháin a bhí fágtha a chur i gcrích is gá don chúigiú tráthchuid, trí cinn de na céimeanna a bhí fágtha a chur i gcrích is gá don seachtú tráthchuid, agus trí cinn de na seacht gcéim is gá don ochtú tráthchuid, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Ina theannta sin, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún nach leor an fhianaise a soláthraíodh le haghaidh ceann de na céimeanna is gá don ochtú tráthchuid chun teacht ar an gconclúid go bhfuil sí comhlíonta go sásúil. Rinneadh an measúnú sin i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phlean. Déanfar ailíniú breise le *acquis* an Aontais a éascú trí phróiseas aontachais an Aontais. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil trí chéim sa naoú tráthchuid, agus chuir sé a mheasúnú ar na céimeanna sin san áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Ní dhéantar an measúnú sin ach amháin d’fhonn modheolaíocht na híocaíochta páirtí a chur i bhfeidhm agus tá sé gan dochar don mheasúnú iomlán ar an naoú tráthchuid. Níl íocaíocht dhúbailte i gceist leis le haghaidh na gcéimeanna lena mbaineann. Ar bhonn an mheasúnaithe sin agus i gcomhréir leis an modheolaíocht, ba cheart an luach fionraí a bhaineann leis na céimeanna nár comhlíonadh faoin ochtú tráthchuid a laghdú, agus a áirithiú an tráth céanna go gcoinneofar dreasachtaí leordhóthanacha ar bun don Úcráin chun na céimeanna nár comhlíonadh a chur chun feidhme.. Cuireadh na trí chéim a comhlíonadh go sásúil ón naoú tráthchuid san áireamh agus an laghdú atá beartaithe ar an luach fionraí á chinneadh.

(10) Ina hiarraidh ar íocaíocht, dheimhnigh an Úcráin nár aisiompaigh sí aon bheart a bhaineann leis na céimeanna a bhí comhlíonta go sásúil aici roimhe sin.

(11) De réir mheasúnú breise an Choimisiúin, tá an réamhchoinníoll maidir le tacaíocht ón Aontas a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792 á chomhlíonadh ag an Úcráin fós. Go háirithe, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus d'urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart a shuí leis an gCinneadh seo go bhfuil na coinníollacha ábhartha comhlíonta go sásúil ag an Úcráin maidir leis an gcúigiú tráthchuid a íoc i leith céim amháin a bhí fágtha a chur i gcrích faoin bPlean, maidir leis an seachtú tráthchuid i leith trí chéim a bhí fágtha a chur i gcrích agus maidir leis an ochtú tráthchuid i leith trí cinn de na seacht gcéim.

(13) I bhfianaise riachtanais mhaoiniúcháin phráinneacha na hÚcráine, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. I bhfianaise phráinn na staide agus d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, bunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha i ndáil le híocaíocht pháirteach, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, an chúigiú, an seachtú agus an ochtú tráthchuid den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta dar luach EUR 3 047 005 318,86 san iomlán, sula ndéantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach, a chomhfhreagraíonn EUR 386 258 902 de don chúigiú tráthchuid, EUR 368 010 367 don seachtú tráthchuid agus EUR 2 292 736 049,86 don ochtú tráthchuid, i gcomhréir leis an measúnú a sholáthair an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 agus atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Suitear cur i bhfeidhm toisce maolaithe, agus comhlíonadh sásúil trí chéim faoin naoú tráthchuid, tábhacht na gcéimeanna nár comhlíonadh agus na cúiseanna lena neamhchomhlíonadh á gcur san áireamh, chomh maith le tábhacht na gcéimeanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a comhlíonadh go luath. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na toisce maolaithe, tiocfaidh laghdú ar an luach fionraí a chomhfhreagraíonn do na céimeanna nár comhlíonadh faoin ochtú tráthchuid faoi mhéid EUR 1 146 368 024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*